## Fógra Cosanta Sonraí

## Comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú

Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis an bpróiseáil a dhéanann Parlaimint na hEorpa ar shonraí pearsanta.

1) Cé a dhéanann próiseáil ar do shonraí pearsanta?

- Is í Parlaimint na hEorpa a ghníomhaíonn mar Rialathóir[1] agus is í Parlaimint na hEorpa > Rúnaíocht na Parlaiminte > Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra > An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Acmhainní Daonna > an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain an t-eintiteas atá freagrach as próiseáil a dhéanamh.
- Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir/eintiteas ag: PERS-TalentSelection@europarl.europa.eu

2) Cad é an cuspóir atá le próiseáil do shonraí pearsanta?

Próiseálfar do shonraí pearsanta chun iarratais na n-iarrthóirí agus na trialacha ar líne a bhainistiú faoi chuimsiú comórtas agus na bpróiseas roghnúcháin éagsúil a eagraíonn an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain.

a) Tairseach d'iarratais - Apply4EP
Éilíonn an phróiseáil seo go n-úsáidfear bogearraí (Gestmax) arna soláthar ag KioskEmploi/Inasoft (cuideachta Fhrancach). Is iad seo a leanas na hoibríochtaí atá i gceist:
- Clárú ag na hiarrthóirí, lena n-áirítear doiciméid tacaíochta;
- Próiseáil na gcomhad iarratais ag céimeanna éagsúla an nós imeachta roghnúcháin;
- Cumarsáid leis na hiarrthóirí maidir le stádas a n-iarratais;
- Measúnú ar cháilíochtaí ag an mbord roghnúcháin;
- Léirshamhlú na n-iarrthóirí ar éirigh leo ag seirbhísí earcaíochta Pharlaimint na hEorpa.

b) Trialacha ar líne
Chun an roghnúchán a phróiseáil, féadfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain trialacha ar líne arna bpróiseáil ag TestWe (cuideachta Fhrancach) a eagrú.

[1] Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an Rialathóir.

3) Cad é an bunús dlí leis an bpróiseáil?

Is an bunús dlí atá leis an bpróiseáil ná: Airteagail 27 go 31 agus Iarscríbhinn III de na Rialacháin Foirne (d'oifigigh), Airteagal 12 (do ghníomhairí sealadacha) agus Airteagal 82 (do ghníomhairí ar conradh) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile; Airteagal 5.1(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2018/1725.

4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

Próiseálaimid: D'ainm, do shloinne, d'inscne, do dháta breithe, do shaoránacht, do sheoladh, do sheoladh ríomhphoist, d'uimhir theileafóin, do theangacha, do stádas (más comórtas inmheánach é); Sonraí a bhaineann le gairmréim lena n-áirítear fad fostaíochtaí agus conarthaí; Sonraí is gá i gcás ina n-iarrtar aisíocaíocht ar mhisin agus ar thaisteal le haghaidh trialacha, lena n-áirítear cuntas bainc agus/nó sonraí airgeadais eile; Tuairim ó Sheirbhís Liachta PE i gcás míchumais a dteastaíonn cóiríocht réasúnach ina leith (mar shampla, am breise le haghaidh tástála). Coinnítear na sonraí go léir a bhaineann le feidhmíocht na n-iarrthóirí i dtrialacha san Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain, agus ní chuirtear ar aghaidh riamh iad chuig aon seirbhís nó aonad eile, seachas an t-aonad inniúil de chuid Sheirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa i gcás gearán faoi Airteagal 90 de na Rialacháin Foirne nó i gcásanna Cúirte.

5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?

- Iarratais

Chun iarratais ar líne a phróiseáil le haghaidh na bpróiseas roghnúcháin éagsúil arna n-eagrú ag an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain, is gá bogearraí (Gestmax) a sholáthraíonn KioskEmploi/Inasoft (cuideachta Fhrancach) a úsáid. Tá freastalaithe TF uile an phróiseálaí lonnaithe san Eoraip. Áirítear ann clárú ag na hiarrthóirí, próiseáil na gcomhad iarratais ag céimeanna éagsúla an nós imeachta roghnúcháin, cumarsáid leis na hiarrthóirí maidir le stádas a n-iarratais, measúnú ar cháilíochtaí agus trialacha ag an mbord roghnúcháin agus léirshamhlú na n-iarrthóirí ar éirigh leo ag seirbhísí earcaíochta PE.

- Trialacha ar líne

Chun an roghnúchán a phróiseáil, féadfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain trialacha ar líne arna bpróiseáil ag TestWe (cuideachta Fhrancach) a eagrú. Tá gach freastalaí TF an phróiseálaí lonnaithe san Eoraip cé is moite de fhreastalaí fochonraitheora TestWe chun críocha cumarsáide (féach mír 8).

6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?

Déanfar do shonraí pearsanta a stóráil mar seo a leanas:

- I gcás iarratasóirí nár éirigh leo: ar feadh 3 bliana agus 6 mhí tar éis an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích, ar bhonn an naisc is deireanaí a rinne an t-iarrthóir (logáil isteach).
- I gcás iarratasóirí rathúla: go dtí deireadh thréimhse bailíochta an phainéil d'iarratasóirí oiriúnacha.
- I gcás iarratais spontáineacha: 3 bliana tar éis an nasc deireanach (logáil isteach).

7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?

Is iad seo a leanas faighteoirí do shonraí pearsanta:
a) An próiseálaí KioskEmploi / INASOFT le haghaidh clárú ar líne;
b) An próiseálaí TestWe le haghaidh tástálacha ar líne;
c) Seirbhísí inmheánacha PE nó institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh: baineann comhar idirinstitiúideach le haistrithe sonraí idir institiúidí arna iarraidh sin go sonrach. Is trí EPSO a dhéantar aistrithe idirinstitiúideacha eile. Aistríonn an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain sonraí na n-iarrthóirí rathúla chuig seirbhísí acmhainní daonna agus earcaíochta Pharlaimint na hEorpa agus chuig an tseirbhís i bParlaimint na hEorpa atá freagrach as creidiúnú agus slándáil (AS SAFE).

8) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?

**Comhroinnfear.** Ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin i gcás cuireadh chuig triail scríofa a dhéanamh ar líne arna reáchtáil ag TestWe: an réiteach poist atá á reáchtáil ag an fophróiseálaí sna Stát Aontaithe, roinnfear do sheoladh ríomhphoist le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach agus **nach bhfuil aon** chinneadh leordhóthanachta ann ina leith ón gCoimisiún Eorpach agus beidh feidhm ag na coimircí seo a leanas.

Aistríonn TestWe seoladh ríomhphoist an iarrthóra agus na logaí (mar shampla am seachadta ríomhphoist, am oscailte, líon na cad a tharlaíonn) chuig a fhophróiseálaí Twilio/SendGrid (San Francisco, 375 Beale St #300, San Francisco), Ní stóráiltear an fhaisnéis sin ach ar feadh 7 lá ar fhreastalaithe an fhochonraitheora, agus ina dhiaidh sin scriostar go buan í.

Is féidir téarmaí agus coinníollacha Twilio, a bhainistíonn an chumarsáid, a cheadú trí chliceáil ar https://www.twilio.com/legal/tos
Is féidir gealltanas RGCS Twilio a cheadú ag https://www.twilio.com/gdpr

Is féidir téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe le Sentry (bainisteoir freastalaí) a cheadú ag https://sentry.io/terms/?gclid=CjwKCAjwx_eiBhBGEiwA15gLN3kSWDPgNx6ajBJ9sdY6qOXLcu[.]8&utm_content=g&utm_medium=cpc&utm_source=google&utm_term=s entry

9) An úsáidtear aon phróisis uathoibrithe[2] agus/nó próifíliú[3] chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?

**Ní úsáidtear**.

10) Cad iad na cearta atá agat?

Seo a leanas na cearta atá agat:

- An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.
- I gcás inarb infheidhme - An ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.
- I gcás inarb infheidhme - An ceart go gcuirfí srian le próiseáil.
- I gcás inarb infheidhme - An ceart chun iniomparthachta sonraí.
- I gcás inarb infheidhme - An ceart cur i gcoinne próiseála.
  Is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí ag PERS-TalentSelection@europarl.europa.eu

**An ceart chun gearán a thaisceadh**
Má tá aon bharúlacha nó gearáin ag ábhair sonraí faoin mbealach a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.

Tá sé de cheart agat gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu

[2] Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe, agus tríothusan amháin, gan aon ionchur ón duine ina leith. {Samplaí Teoiriciúla: leathanach gréasáin ar a gcuirfear, mar thoradh ar roghanna áirithe a roghnú, ar liostaí éagsúla seachadta go huathoibríoch thú trína gcuirfear an nuachtlitir mhíosúil chomhfhreagrach chugat / córas uathoibrithe a úsáid chun freagraí "Ilrogha" trialacha a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta.

[3] Déanann próifíliú anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe nó chun gnéithe a thuar a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó le hiompraíocht, le suíomh nó le gluaiseachtaí, etc. {Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear na meáin shóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do threochtaí a chlárú. Úsáidtear ansin na sonraí sin chun tuartha nua/difriúla a dhéanamh i do leith.

Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt
Acmhainní Daonna
An tAonad um Roghnú Tallainne
agus um Fhor-rochtain

European Parliament

**Fógra Cosanta Sonraí maidir le trialacha ar líne i gcomórtais agus i nósanna imeachta roghnúcháin arna n-eagrú ag Rúnaíocht Pharlaimint na hEorpa**

An phróiseáil go léir ar shonraí pearsanta a dhéanann Parlaimint na hEorpa, tá sí faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Tá próiseáil sonraí pearsanta ag an soláthraí seirbhíse, TestWe, ar conradh ag Parlaimint na hEorpa chun críche tástáil ar líne a sholáthar, faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725 freisin. Ní mór do TestWe, dá bhrí sin, cloí leis na hoibleagáidí go léir a eascraíonn as sin. TestWE agus a fhochonraitheoirí a dhéanann gníomhaíochtaí próiseála thar ceann Pharlaimint na hEorpa, is "próiseálaithe" iad de réir bhrí Airteagal 3(12) den Rialachán sin.

## 1. An bunús dlí

Is iad Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne (lena rialaítear líonadh folúntas i bParlaimint na hEorpa) agus Airteagal 12 agus Airteagal 82 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (lena rialaítear earcú ball foirne sealadach agus foireann ar conradh i bParlaimint na hEorpa faoi seach) an bunús dlí don oibríocht phróiseála sin.

## 2. Do shonraí pearsanta a úsáid

a) Ní phróiseálfar do shonraí ach amháin chun na críche ar bailíodh agus ar tarchuireadh iad.

b) Tá an soláthraí seirbhíse, TestWe, go hiomlán comhlíontach le RGCS agus níl rannpháirtíocht chonarthach aige ach amháin chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche na dtástálacha a eagraítear.

## 3. Sonraí a phróiseáil

a) Próiseálann Parlaimint na hEorpa agus a soláthraí seirbhíse na sonraí pearsanta seo a leanas chun críche tástálacha ar líne a eagrú agus a reáchtáil:

   i. céadainm, sloinne, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, uimhir iarratasóra, an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil tú páirteach ann, na teangacha

comhfhreagrais agus inar roghnaigh tú na trialacha a dhéanamh, sonraí an chórais oibriúcháin agus an ghléis a úsáideadh do na trialacha;

ii. fothaí ceamara gréasáin le linn na dtrialacha, lena n-áirítear íomhá de do dhoiciméad aitheantais (ID).

b) Is é foinse na sonraí a phróiseáiltear:

i. na sonraí a sholáthair na hiarrthóirí ag an bpointe iarratais/léirithe spéise;

ii. na sonraí a cuireadh ar fáil le linn na dtástálacha.

c) Ní chomhroinneann Parlaimint na hEorpa leis an soláthraí seirbhíse aon sonraí a sholáthraíonn iarrthóirí maidir leis an ngá atá le cóiríocht réasúnta. Ní chuirtear an soláthraí seirbhíse ar an eolas ach amháin faoin mbeart nó faoi na bearta maidir le cóiríocht réasúnta is ceart dó a chur chun feidhme do na hiarrthóirí lena mbaineann.

d) Níl sonraí na n-iarrthóirí faoi réir cinntí uathoibrithe laistigh den oibríocht phróiseála.

## 4. Sonraí a phróiseáil

Na sonraí a chuireann iarrthóirí ar fáil i gcomhthéacs triail scríofa ar líne a dhéanamh ar ardán TestWe, ní roinntear iad ach leis na glacadóirí seo a leanas:

a) Líon teoranta ball foirne (ar bhonn 'riachtanas eolais') de chuid an Aonaid um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain i bParlaimint na hEorpa, agus an tAonad um Fhor-rochtain agus Earcú Oiliúnaithe a bhfuil sé de chúram orthu an nós imeachta roghnúcháin ina bhfuil an t-iarrthóir rannpháirteach a bhainistiú.

b) Na Feisirí de bhord roghnúcháin Pharlaimint na hEorpa a bhfuil sé de chúram orthu freagraí na n-iarrthóirí a mheas agus cinntí a dhéanamh a bhaineann le haon teagmhas a bhreathnaítear trí íomhánna ceamara gréasáin na n-iarrthóirí.

c) Líon teoranta ball foirne (ar bhonn 'riachtanas eolais') de chuid an tsoláthraí seirbhíse, TestWe, chun na trialacha a eagrú (lena n-áirítear cuirí a sheoladh chuig iarrthóirí trí ríomhphost, réiteach a fháil ar aon saincheisteanna teicniúla a thuairiscigh iarrthóirí le linn na dtrialacha, athbhreithniú a dhéanamh ar íomhánna ceamara gréasáin tar éis na dtrialacha agus na dtrialacha próiseála lena dtarchur chuig an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain i bParlaimint na hEorpa).

d) Féadfar sonraí na n-iarrthóirí a sholáthar do Sheirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa i gcás gearáin nó nós imeachta achomhairc.

Ní aistrítear sonraí na n-iarrthóirí chuig aon pháirtí lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa ach amháin chuig seoltaí ríomhphoist na n-iarrthóirí chun críocha cumarsáide (féach pointe 6d).

## 5. Bogearraí a úsáidtear chun an tástáil a dhéanamh

a) Chun a chinntiú go n-urramaítear coinníollacha agus treoracha na dtrialacha, iarrfaidh bogearraí TestWe, a chaithfear a íoslódáil chun an tástáil a dhéanamh, do chead chun cearta riarthóra a úsáid chun do ríomhaire a ghlasáil le linn na tástála. Is féidir na cearta sin a aisiompú a luaithe a bheidh an tástáil críochnaithe.

b) Ní dhéanann bogearraí an tsoláthraí seirbhíse idirghníomhú le bogearraí eile ar do ríomhaire. Ní dhéantar aon mhalartú faisnéise ná sonraí le bogearraí tríú páirtí.

c) Ní ghlacann bogearraí an tsoláthraí seirbhíse smacht, ar bhealach ar bith, ar ríomhaire iarrthóra chun aon oibríocht nó idirghníomhaíocht eile le haon bhogearra nó feidhmchlár eile a rialú nó a oibriú.

## 6. Slándáil sonraí

a) Baineann TestWe úsáid as freastalaithe atá bunaithe i bPáras, an Fhrainc, áit a gcaithfidh na sonraí fanacht.

b) Baineann na freastalaithe leis an gcuideachta Amazon Web Services (AWS), agus comhlíonann siad na caighdeáin comhlíontachta is airde mar aon le hardleibhéal slándála. Is féidir téarmaí agus coinníollacha AWS a cheadú ag: https://aws.amazon.com/service-terms/?nc1=h_ls

c) Tá sonraí pearsanta a stóráiltear criptithe agus ní féidir ach ag TestWe iad a rochtain ag úsáid eochair shlán ar eochair í nach bhfuil ach i seilbh TestWe.

d) Comhroinntear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ar an gcaoi seo a leanas: ní aistrítear ach na sonraí seo: seoladh ríomhphoist agus logaí an iarrthóra (mar shampla am seachadta ríomhphoist, am oscailte, líon na gcliceanna) chun ríomhphoist TestWe a sheoladh chuig iarrthóirí. Stóráiltear an fhaisnéis sin ar feadh 7 lá ar fhreastalaithe fhochonraitheoir TestWe atá sna Stáit Aontaithe, agus ina dhiaidh sin scriostar na sonraí go buan.

Is féidir téarmaí agus coinníollacha Twilio, a bhainistíonn an chumarsáid, a cheadú trí chliceáil ar: https://www.twilio.com/legal/tos

Is féidir gealltanas RGCS Twilio a cheadú ag: https://www.twilio.com/gdpr

Is féidir ttéarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe le Sentry (bainisteoir freastalaí) a cheadú ag: https://sentry.io/terms/?gclid=CjwKCAjwx_eiBhBGEiwA15gLN3kSWDPgNx6ajBJ9sdY6qOXLcu[…]8&utm_content=g&utm_medium=cpc&utm_source=google&utm_term=sentry

## 7. Ceart rochtana agus ceartúcháin

a) Tá sé de cheart ag iarrthóirí a gcuid sonraí a cheartú, a chomhlánú, nó a nuashonrú tráth ar bith.

b) Chun é sin a dhéanamh, téigh i dteagmháil leis an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain ag: PERS-TalentSelection@europarl.europa.eu

## 8. Coinneáil sonraí

a) Sonraí na n-iarrthóirí:

i. Íoslódálann an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain freagraí na n-iarrthóirí chuig freastalaithe PE ó TestWe i ndiaidh na dtrialacha.

Stórálann an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain freagraí scríofa na n-iarrthóirí ar feadh tréimhse 2.5 bliain (ag tosú ón dáta a fhoilsítear liosta na n-iarrthóirí rathúla).

ii. Stórálann TestWe freagraí na n-iarrthóirí ar feadh bliain amháin ar a mhéad sula scriostar iad. Déanann an soláthraí seirbhíse na sonraí pearsanta dá dtagraítear faoi phointe 3(a)(i) den doiciméad seo (thuas) a stóráil go ceann bliain amháin ar a mhéad tar éis dháta na dtrialacha, sula scriostar iad.

b) Íomhánna ceamara gréasáin na n-iarrthóirí: Íomhánna ceamara gréasáin a thógtar d'iarrthóirí le linn na dtrialacha, lena n-áirítear a ndoiciméad aitheantais, déanann TestWe iad a stóráil ar feadh dhá mhí ar a mhéad agus scriostar ansin iad.

i. I gcás ina léiríonn íomhánna ceamara gréasáin iarrthóra fianaise shoiléir ar iompar amhrasach le linn na tástála, féadfar íomhánna ceamara gréasáin an iarrthóra a aistriú chuig Parlaimint na hEorpa agus a stóráil ar feadh 5 bliana chun iad a chur ar fáil má dhéantar gearáin de bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne.

ii. Gearáin a fhaigheann freagra diúltach ar ina leith a chuireann an duine lena mbaineann achomharc faoi bhráid na Cúirte Ginearálta (agus i gcásanna áirithe, níos déanaí, an faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais) beidh siad fós ar oscailt go dtí go mbeidh breithiúnas na Cúirte comhlíonta ag an bParlaimint.

## 9. Rialaitheoir sonraí

Is é an rialaitheoir sonraí Ceann an Aonaid um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain: PERS-TalentSelection@europarl.europa.eu

## 10. An ceart chun teagmháil a dhéanamh leis an OCS agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

a) Tá sé de cheart i gcónaí ag ábhair sonraí teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu

b) Tá sé de cheart freisin ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ag edps@edps.europa.eu